Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Márta 2026
(OR. en)

7527/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0074 (COD)**

DRS 12
COMPET 355

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Márta 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>I dtreo an 28ú córas do chuideachtaí an Aontais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 320 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 320 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2026
COM(2026) 320 final

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN

## I dtreo an 28ú córas do chuideachtaí an Aontais

## I. Réamhrá

**Tá bearta cinntitheacha á nglacadh ag an Aontas chun dlús a chur lena iarracht ar son an iomaíochais agus na slándála eacnamaíche sa ré seo lán d'athruithe.** Agus an méid sin á chur san áireamh, ní mór dó gníomhú go práinneach, a nuálaíochtaí a mhéadú ar bhealach níos cinntithí, agus a chreat beartais a chur in oiriúint chun go mbeidh sé ag teacht le luas agus uaillmhian an rása teicneolaíochta dhomhanda. Tá timthriallta nuálaíochta á ngiorrú, tá dul chun cinn teicneolaíoch ag tarlú go comhuaineach ar fud na n-earnálacha, agus tá an iomaíocht le haghaidh ceannaireacht theicneolaíoch éirithe níos géire agus níos straitéisí.

**Is mór-roinn í an Eoraip atá ag cur thar maoil leis an nuálaíocht**. Is as an Aontas Eorpach a thagann an cúigiú cuid[1] de na foilseacháin eolaíocha uile ar fud an domhain. Tá ról lárnach ag cuideachtaí Eorpacha freisin in T&F ar an scála domhanda agus i gcruthú maoine intleachtúla. I réimse an fhuinnimh in-athnuaite, mar shampla, tá 29 % de phaitinní domhanda i seilbh cuideachtaí de chuid an Aontais[2]. Tá os cionn 40,000 cuideachta nuathionscanta in earnáil na teicneolaíochta a fhaigheann tacaíocht ó chaipiteal fiontair á n-óstáil ag an Aontas freisin, agus cruthaíonn sé níos mó acu ná aon réigiún eile ar fud an domhain.

**Mar sin féin, bíonn deacrachtaí ag cuideachtaí nuálacha Eorpacha dul i méid agus dul san iomaíocht ar fud an domhain**. I mbliain 2025 ní raibh ach 331 aonbheannach san Eoraip i gcomparáid le 1963 cheann sna Stáit Aontaithe[3].

**Tá creat cumasúcháin níos fearr de dhíth ar an Aontas** chun go mbeidh bunaitheoirí, is cuma cén earnáil ina bhfuil siad gníomhach, in ann gnólacht a chur ar bun go héasca san Eoraip, rochtain a fháil ar chistiú agus méadú san Aontas. Tá an tAontas ag céim ríthábhachtach ina bhfuil gá le naisc a chruthú idir ár n-iarrachtaí ar son an neamhspleáchais agus an iomaíochais. **Chuige sin, tá gá le gníomhaíocht uaillmhianach phráinneach**.

Ó thús na tréimhse sainordaithe seo, tá an t-iomaíochas curtha i gcroílár a chláir oibre ag an gCoimisiún. Leis an g**Compás Iomaíochais** a ghlac sé i mí Eanáir 2025, gheall sé an 28ú córas a chur i láthair, rud a chuirfidh ar a gcumas dár ngnólachtaí, go háirithe ár ngnólachtaí nuálacha, idir ghnólachtaí nuathionscanta agus ghnólachtaí atá ag méadú, tairbhe a bhaint as sraith aonair shimplí rialacha uile-Aontais - cibé áit a n-infheistíonn siad agus a n-oibríonn siad san Aontas - rud a fhágfaidh go mbainfidh siad an leas is fearr is féidir a bhaint as an Margadh Aonair. Le **Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú** agus an **Straitéis maidir le Margadh Aonair** a glacadh i mí na Bealtaine 2025, féachtar le tuilleadh feabhais a chur ar na dálaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus le haghaidh gnólachtaí atá ag méadú chun na cúiseanna le hathlonnú lasmuigh den Aontas a laghdú.

**Tá an togra EU Inc. ina bhunchloch agus is é túsphointe fhreagairt an Choimisiúin é** – sraith chuimsitheach rialacha lena gcumhdaítear saolré iomlán chuideachta. Fágann sé go bhfuil sé níos éasca gnólacht a thosú agus a fhás san Eoraip, infheistíocht a mhealladh agus na costais a bhaineann le cliseadh a laghdú. Aon duine ar mian leis cuideachta nua a chur ar bun san Aontas, beidh sé de rogha aige úsáid a bhaint as foirm nua chuideachta EU Inc. nó as foirm

---

[1] Draghi, Tuarascáil maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, lch. 230.

[2] Comhduithe paitinne ardluacha, An Coimisiún Eorpach - Feidhmíocht eolaíochta, taighde agus nuálaíochta an Aontais, tuarascáil 2024.

[3] Bunachar sonraí *Dealroom* – ceadaithe an 16 Márta 2026.

eile dá bhforáiltear faoin dlí náisiúnta, foirm a leanfaidh de bheith ar fáil do chuideachtaí i gcomhthráth leis an bhfoirm nua chuideachta.

**Is ionann an 28ú córas agus tairiscint na hEorpa dá gnólachtaí, go háirithe dá gnólachtaí nuathionscanta, a gnólachtaí atá ag méadú agus a fiontair nuálacha, chun na tairbhí a bhaineann leis an Margadh Aonair a thapú.** Beidh sé ina chonair do chuideachtaí na hEorpa foirm chuideachta uile-Eorpach a aithnítear ar fud an domhain a bheith acu, rochtain thapa a fháil ar chistiú agus oibriú go rianúil thar theorainneacha – maidir le *gach* ábhar a bhaineann lena ngnó.

## II. An togra EU Inc.

**Is freagra é EU Inc. ar riachtanais fiontar nuálach agus cuireann sé ar a gcumas dóibh tosú san Aontas agus méadú ann ar bhealach éasca**. Cuirfidh sé creat dlíthiúil corparáideach uaillmhianach nua ar fáil sna Ballstáit uile, creat a bheidh ar fáil d'aon duine a mheasann go bhfuil sé oiriúnach dá shamhail ghnó. Áiritheofar le EU Inc., i measc nithe eile, maidir le clárú le Clár Lárnach an Aontais a bheidh ann amach anseo go mbeidh sé níos tapúla (48 n-uair an chloig), níos saoire (EUR 100 ar a mhéad) agus lándigiteach, go leathnófar leis prionsabal na haonuaire i ndáil le húdaráis eile, agus nach mbeidh aon íosmhéid scairchaipitil i gceist.

**Le Clár an Aontais, cuirfear eispéireas comhtháite rianúil ar fáil do chuideachtaí EU Inc.**, rud a chuirfidh ar a gcumas dóibh, i measc nithe eile, cuideachtaí EU Inc. a chlárú, agus rochtain a fháil ar fhaisnéis thábhachtach ar a struchtúr corparáideach agus a ngníomhaíochtaí, cuir i gcás.

**Le EU Inc.**, **cuirfear deireadh le foirmiúlachtaí i láthair go pearsanta** agus le rannpháirtíocht éigeantach idirghabhálaithe le haghaidh aistrithe scaireanna. Cuirfidh sé nósanna imeachta maidir le caipiteal agus rialachas corparáideach iomlán digiteach ar fáil agus cumasóidh sé úsáid ionstraimí maoiniúcháin agus conarthaí caighdeánaithe. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás comhaontuithe maidir le cothromas amach anseo amhail Comhaontuithe Simplí maidir le Cothromas Amach Anseo ar fearr le hinfheisteoirí iad. Tá sé d'aidhm aige sin freisin na Ballstáit a spreagadh chun cead a thabhairt do chuideachtaí EU Inc. rochtain a fháil ar mhargaí rialáilte.

Beidh saoirse ag bunaitheoirí agus ag cuideachtaí atá ann cheana **foirm EU Inc. a roghnú**. Cuirfidh an creat nua ar chumas *gach* cuideachta san Eoraip, gan beann ar a méid agus ar a gcuspóir corparáideach, a bheith páirteach sa chóras seo agus fanacht ann.

**Leis sin, beidh na tairbhí a bhaineann leis an ualach riaracháin a laghdú agus le simpliú ar fáil do chách**. Formhór na gcuideachtaí EU Inc. nuabhunaithe, is dócha gurb iad daoine nádúrtha a bhunóidh iad agus gur gnólachtaí nuathionscanta agus ghnólachtaí atá ag méadú a bheidh iontu. Dá bhrí sin, an laghdú foriomlán measta ar an ualach riaracháin arb é a bheidh ann idir EUR 328 milliún agus EUR 440 milliún thar thréimhse 10 mbliana, rachaidh sé chun tairbhe an ghrúpa fiontar sin den chuid is mó.

**Cuimseofar sa togra EU Inc. gnéithe breise chun tallann a mhealladh agus a choinneáil**. Is féidir le gach cuideachta EU Inc. rogha a dhéanamh páirt a ghlacadh i gcomhscéim an Aontais le haghaidh scair-roghanna fostaithe. Na fostaithe a ndeonófar scair-roghanna dóibh faoi chomhscéim an Aontais le haghaidh scair-roghanna fostaithe, ní bheidh siad faoi réir

cánachais san Aontas ach tráth dhiúscairt na scaireanna foluiteacha. Cuirfidh sé sin cosc ar staid ina mbeadh cánacha íoctha nuair nach mbeadh ioncam iarbhír i gceist.

Ba cheart an deis a bheith ag bunaitheoirí triail agus tástáil a dhéanamh, agus tosú arís, freisin. Dá bhrí sin, gnólachtaí nuathionscanta a chláraítear mar cuideachtaí EU Inc., **beidh rochtain acu ar nósanna imeachta dócmhainneachta simplithe**, chun cabhrú leo atosú níos tapúla. Comhlánaíonn an togra seo comhfhogasú na ndlíthe substainteacha dócmhainneachta a bhaintear amach leis an Treoir lena gcomhchuibhítear gnéithe áirithe den dlí dócmhainneachta, treoir a glacadh in 2026. Sa chomhthéacs sin, baineadh é sin amach go háirithe trí fhoráil a dhéanamh maidir le nós imeachta foirceanta simplithe agus creat le haghaidh ceant leictreonach sócmhainní.

**Beidh sé de shaoirse ag cuideachtaí EU Inc. an Ballstát ina n-ionchorprófar iad** agus an áit ina gcuirfear ar bun an cheanncheathrú a roghnú, agus leas iomlán á bhaint as an Margadh Aonair. Le **dúliosta de chleachtais náisiúnta thoirmiscthe**, áiritheofar maidir le cuideachtaí EU Inc., is cuma cén áit ina n-ionchorprófar iad, go gcaithfear leo ar aon bhealach le cuideachtaí eile faoi dhliteanas teoranta a bhunaítear faoin dlí náisiúnta. Mar shampla, níor cheart a iarraidh ar chuideachta a bheith bunaithe nó fochuideachta nó ionadaí áitiúil a bheith aici i mBallstát, chun rochtain a fháil ar thacaíocht státchabhrach, chun gníomhaíocht eacnamaíoch a fheidhmiú nó chun údarú a fháil. Níor cheart diúltú cuntas bainc atá bunaithe i mBallstát eile a úsáid chun údarú a fháil ná chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh.

**Ina theannta sin, cuirfidh an togra coimircí ar fáil chun calaois agus mí-úsáidí a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc**. Sa chomhthéacs sin, cuireann EU Inc. leis na cosaintí atá ann cheana sa dlí náisiúnta agus i ndlí an Aontais.

**Beidh bunaitheoirí in ann brath ar fhoirm nua EU Inc. ar an mbealach céanna ar fud an Aontais**. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú go dtabharfaidh an pobal infheistíochta domhanda aitheantas do EU Inc. Dá bhrí sin, bunaítear EU Inc. trí bhíthin **Rialacháin**. Áirithítear leis sin creat comhleanúnach aontaithe rialacha comhchuibhithe. Go háirithe, cuirfear an fhoirm dhlíthiúil nua ar fáil i ngach ceann de dhlíchórais Bhallstáit an Aontais.

## III. Fiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú

Tacóidh tionscnamh EU Inc. go háirithe le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá ag méadú chun smaointe nuálacha a aistriú ina ngnólachtaí a bhfuil rath orthu ar fud an domhain. Mar sin féin, **níl aon sainmhíniú aonair AE ar na cuideachtaí sin** ann faoi láthair, cé go bhfuil cuid mhór bearta tacaíochta náisiúnta agus bearta tacaíochta ar leibhéal an Aontais ceaptha chun díriú ar fhiontair nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta nó ar ghnólachtaí atá ag méadú. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh na bearta sin a bheith neamhéifeachtach nó d'fhéadfadh chur i bhfeidhm neamh-chomhsheasmhach a bheith ann sna Ballstáit, agus chuirfeadh sé bac ar dhea-fheidhmiú mhargadh aonair an Aontais.

Dá bhrí sin, mar chuid de na tograí a chuirtear chun cinn sa phacáiste seo, agus mar a fógraíodh i Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, tá **Moladh ón gCoimisiún** á ghlacadh ag an gCoimisiún **maidir leis na sainmhínithe ar**

**fhiontair nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus ar ghnólachtaí nuálacha atá ag méadú.** Leis na sainmhínithe sin, cuirfear leis na critéir oibiachtúla a bhaineann le hinfheistíochtaí i ngníomhaíochtaí nuálaíochta, le haois, méid nó fás agus le critéir sheanbhunaithe i moltaí ón gCoimisiún maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga (FMBanna), lena n-áirítear tairseacha méide agus saintréithe struchtúracha. Tá sé dírithe ar na Ballstáit, ar an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ar an gCiste Eorpach Infheistíochta (CEI). Spreagtar eintitis eile, amhail Bainc nó Institiúidí Náisiúnta le haghaidh Spreagadh (BINS) na sainmhínithe a chur i bhfeidhm freisin.

Is é is aidhm do na **sainmhínithe atá beartaithe** bealaí pragmatacha a chur ar fáil chun critéir a mheasúnú agus chun a léiriú go gcomhlíontar na critéir sin. Go praiticiúil, leis sin, beifear in ann feabhas a chur ar ailíniú, comhsheasmhacht agus éifeachtacht beartas lena ndírítear ar chuideachtaí nuálacha, ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar ghnólachtaí atá ag méadú san Aontas, agus bailiú sonraí a éascú chun tionchar na mbeartas sin a thomhas. Bíonn ról lárnach ag fiontair nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, go háirithe i réimsí na teicneolaíochta doimhne, i bhforbairt agus tráchtálú teicneolaíochtaí nuálacha, agus dá bhrí sin is céim thábhachtach iad sainmhínithe sin an Aontais i dtreo Aontas níos nuálaí agus níos iomaíche.

## IV. Bearta comhlántacha i dtreo an 28ú córas

*An digiteáil*

Leanfaidh an tAontas de na hiarrachtaí ar ualaí riaracháin a laghdú, solúbthacht a chreata dhlíthiúil a fheabhsú agus simpliú a dhéanamh, agus aghaidh á tabhairt an tráth céanna ar ilroinnt agus ar bhacainní sa Mhargadh Aonair. Cuimseofar leis na hiarrachtaí sin i dtosach an **digiteáil** is mo is féidir a dhéanamh ar gach ábhar a bhaineann le gnó a dhéanamh sa mhargadh aonair. Le timpeallacht atá 100 % digiteach, féadfaidh creat cuideachta fíoréifeachtúil agus iomaíoch a bheith ann a mheallfaidh infheisteoirí, ó laistigh agus lasmuigh den Aontas. Chun tacú le timpeallacht ghnó atá iomlán digiteach, ba cheart an creat leanúint de bheith neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de agus a chur ar chumas cuideachtaí úsáid a bhaint as réitigh dhigiteacha amhail teicneolaíocht mórleabhar dáilte, scaireanna téacschomharthaithe agus conarthaí cliste a úsáid.

Leis an **Tiachóg le haghaidh Ghnó na hEorpa**, beidh cuideachtaí EU Inc. in ann úsáid iomlán a bhaint as uirlisí digiteacha le haghaidh n-idirghníomhaíochtaí uile le húdaráis phoiblí agus le hoibreoirí eacnamaíocha ar fud an Aontais. Tar éis cuideachta EU Inc. a chur ar bun, beidh na sonraí ábhartha uile ar fáil sna Tiachóga le haghaidh Ghnó na hEorpa, dóibh siúd a úsáideann na réitigh sin. Ciallaíonn sé sin go mbeidh cuideachta EU Inc. in ann na Tiachóga le haghaidh Gnó a úsáid chun gníomhaíochtaí a dhéanamh gan stró, cuir i gcás tuairisceáin chánach a chur isteach, iarratas a dhéanamh ar cheadanna, conarthaí a shíniú agus a mhalartú le húdaráis phoiblí agus le comhpháirtithe gnó ar fud an Aontais, gan gá le doiciméadacht fhisiceach ná le hidirghníomhaíochtaí i láthair go pearsanta agus le bailíocht dhlíthiúil iomlán. Le Tiachóga le haghaidh Gnó, cumasaítear bainistiú iomlán uathoibrithe ar chéannacht ghnó agus ar shonraí, lena n-áirítear céannacht agus sonraí custaiméirí agus comhpháirtithe gnó.

Ina theannta sin, tá sé tábhachtach idir-inoibritheacht a áirithiú agus dúbailt a sheachaint idir na córais atá ann cheana lena gcumasaítear digiteáil le haghaidh cuideachtaí, amhail **Córas Idirnasctha na gClár Gnó** (BRIS) agus an **Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach**. Tríd an Rialachán maidir leis an Tairseach Aonair Dhigiteach, go háirithe, cuireann an Coimisiún d'oibleagáid ar na Ballstáit rochtain ar líne a chur ar fáil ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó ghnólachtaí an Aontais i dtír eile den Aontas. Tríd an gCóras Teicniúil Aonuaire, is féidir leis na Ballstáit fianaise agus doiciméid a mhalartú ar bhealach uathoibrithe slán. Tá formhór na mBallstát réidh go teicniúil, nó beidh siad réidh go luath, chun an córas sin a úsáid, ach níl na nósanna imeachta agus na doiciméid ábhartha uile comhtháite go fóill. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tosaíocht a thabhairt anois do chomhtháthú nósanna imeachta agus fianaise atá ríthábhachtach do phríomhchéimeanna shaolré ghnó EU Inc. agus a ghineann idirghníomhaíocht shuntasach trasteorann. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit san iarracht sin, agus d'fheabhas a chur ar an bhfianaise atá ar fáil a thacaíonn le hoibríochtaí cuideachta agus iarrann sé ar na Ballstáit na tosaíochtaí ábhartha a shainaithint faoin 30 Meán Fómhair 2026.

Is minic a bhíonn gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú ag streachailt le **costais arda agus moilleanna mar gheall ar an ngá atá le haistriúcháin dheimhnithe éigeantacha a chur isteach**, rud a chuireann bac ar a n-iomaíochas agus ar a n-éifeachtúlacht sa mhargadh. Féadfaidh córas aistriúcháin uathoibríoch deimhnithe atá bunaithe ar IS tacú le riaracháin phoiblí doiciméid a thagann ó Bhallstáit eile a thuiscint agus glacadh leo. Laghdódh

sé sin go mór na bacainní teanga agus costais na n-ualaí riaracháin a bhíonn ar chuideachtaí in oibríochtaí trasteorann. Ina theannta sin, trí úsáid níos leithne a bhaint as seirbhísí ilteangacha IS-bhunaithe, cuirfear ar a gcumas do chuideachtaí cumarsáid a dhéanamh le comhlachtaí earnála poiblí i gcásanna trasteorann.

*Rochtain ar mhaoiniú*

Bíonn **rochtain thapa ar chaipiteal** de dhíth ar ghnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú. Beidh siad in ann leas iomlán a bhaint as scála agus doimhneacht mhargadh caipitil an Aontais, agus as raon na ndeiseanna maoiniúcháin, agus cur leis na bearta atá á nglacadh faoin Aontas Coigiltis agus Infheistíochta, agus faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas agus faoin gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú. Leis an athbhreithniú ar rialacha infheistíochta maidir le cistí pinsin, neartófar acmhainneacht ghnó infheistíocht a dhéanamh i gcothromas liostaithe agus neamhliostaithe. Leis an athbhreithniú a dhéanfar go luath ar an Rialachán maidir le Cistí Caipitil Fiontair Eorpacha, déanfar forbairt margaidh níos dinimiciúla agus níos comhtháite le haghaidh cistí caipitil fiontair agus fáis a chur chun cinn a thuilleadh. Tá na nithe sin ríthábhachtach do chuideachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí atá ag méadú a bhfuil an n-ioncam amach anseo neamhchinnte agus easpa sócmhainní inláimhsithe acu.

*Tallann a mhealladh agus a choinneáil*

Tá **dálaí fabhracha fostaíochta** agus **cánachais** de dhíth ar chuideachtaí EU Inc. freisin chun tallann a choinneáil agus a mhealladh agus chun oibriú go tapa thar theorainneacha.

I réimse **na fostaíochta**, leis an bPacáiste um Shoghluaisteacht Chothrom an Lucht Saothair atá ar na bacáin, féachfaidh an Coimisiún ar an gceist an bhféadfaí teilea-obair trasteorann 100 % a cheadú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú ar fud an Aontais, agus reachtaíocht slándála sóisialta an Bhallstáit ina bhfuil an fostóir lonnaithe á cur i bhfeidhm. Forbróidh an Coimisiún creat dlíthiúil freisin chun dlús a chur le digiteáil fianuithe slándála sóisialta trí thionscnamh an Phas Eorpaigh Slándála Sóisialta. Beidh sé d'aidhm ag an Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna deireadh a chur le bacainní ar shoghluaisteacht oibrithe atá nasctha le cáilíochtaí agus scileanna, lena n-áirítear tríd an digiteáil. Féachfaidh an Coimisiún ar bhealaí chun nósanna imeachta a shimpliú ar mhaithe le haitheantas agus bailíochtú cáilíochtaí agus scileanna náisiúnach tríú tír a láimhseáil. Comhlánófar na bearta sin trí thallann a mhealladh ón gcoigríoch tríd an Rialachán maidir le Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh, rud a éascóidh, a luaithe a bheidh sé oibríochtúil, meaitseáil post in earcú tallainne neamh-AE. Anuas air sin, féachfaidh an Coimisiún ar indéantacht *Omnibus* de leasuithe spriocdhírithe ar chreat imirce dleathaí an Aontais chun a áirithiú go bhfuil sé ailínithe le cuspóirí iomaíochais agus nuálaíochta an Aontais.

*Cánachas*

Maidir le **cánachas**, tá córas Cánach Ceannoifige molta ag an gCoimisiún a ligfeadh d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) rialacha cánach a dtíre baile a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, is é is aidhm don tionscnamh 'Gnó san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachas Ioncaim' (BEFIT) creat reachtach aonair a bhunú le haghaidh cánachas corparáideach san Aontas. Is gá na tograí a ghlacadh go pras chun tacaíocht níos fearr a thabhairt do chuideachtaí, agus go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú, a thugann aghaidh ar rialacha cánach éagsúla casta i ngach Ballstát. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt don chaibidlíocht sa Chomhairle maidir leis na comhaid sin. Leis an bpacáiste *Omnibus* atá ar na bacáin maidir le simpliúcháin i ndáil le cánachas díreach, ba cheart go mbainfí ualaí breise riaracháin a thuilleadh tríd an reachtaíocht atá ann cheana a shimpliú. Ar deireadh, molann an Coimisiún do na Ballstáit tuairisc bheacht a thabhairt ar an ioncam a

dhíorthaítear ó scair-roghanna fostaithe agus cáin a ghearradh air mar ghnóthachain chaipitiúla seachas mar ioncam fostaíochta.

*Creat dlíthiúil soiléir intuartha tapa*

Chun gur féidir rialacha maidir le EU Inc. a chur i bhfeidhm go héifeachtach, go héifeachtúil agus go haonfhoirmeach, ba cheart do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar **dhlísheomra nó cúirt bhreithiúnach speisialaithe amháin** a thiomnú a mbeidh an t-údarás aige díospóidí maidir le dlí cuideachtaí EU Inc. a láimhseáil. Trí shaineolas a lárú, chuideodh an cur chuige sin le comhsheasmhacht i rialuithe a fheabhsú, scrogaill nós imeachta a íoslaghdú, agus tuiscint bhreithiúnach ar ghnéithe uathúla an chreata a dhoimhniú - rud a dhéanfadh muinín infheisteoirí a neartú agus muinín trasteorann a éascú. Cé nár ghá chun an méid sin a dhéanamh go ndéanfaí córais bhreithiúnacha náisiúnta a chaighdeánú, thabharfadh sé comhartha soiléir go bhfuil na Ballstáit tiomanta do rath praiticiúil an chreata a áirithiú. Tacóidh an Coimisiún le cur chun feidhme éifeachtach comhsheasmhach.

Ina theannta sin, féadann gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú tairbhe a bhaint, cheana féin, as creat cobhsaí intuartha maidir le **dlínse na gcúirteanna**, **an dlí is infheidhme, lena n-áirítear dlí an tsaothair, agus aithint agus forfheidhmiú breithiúnas** ar fud an Aontais dá n-idirbhearta tráchtála trasteorann. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ar Rialachán an Bhruiséil Ia lena dtéitear i ngleic le dlínse idirnáisiúnta agus le haithint agus forfheidhmiú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála, chun tuilleadh feabhais a chur ar a éifeachtaí ar an iomaíochas. Ina theannta sin, cuireann an Coimisiún treoraíocht ar fáil, chun tacú le cuideachtaí, go háirithe gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú, tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

## V. Conclúid

Leis an bpacáiste a glacadh inniu, tá an Coimisiún ag leanúint dá iarrachtaí an áit is fearr chun cuideachta a thosú agus a fhás a dhéanamh den Eoraip, rochtain ar na deiseanna a chuireann an Margadh Aonair ar fáil a shimpliú agus dlús a chur leis an rochtain sin agus an iomaíochas a fheabhsú.

Ní tráth moille é. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle dul ar aghaidh go pras le glacadh an togra reachtaigh EU Inc. i bhfianaise a ríthábhachtaí atá sé do rathúnas an Aontais. Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall tacú leis na comhreachtóirí i ndáil leis sin agus é mar chuspóir soiléir aige teacht ar chomhaontú faoi dheireadh 2026.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an dul chun cinn i dtreo ghlacadh pras an togra i gcomhthéacs an Treochláir ‘Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin’. Déanfaidh sé tuilleadh faireacháin ar chur i bhfeidhm na mbeart coimhdeach a chuirtear chun cinn sa Teachtaireacht seo féachfaidh sé ar bhearta breise féideartha chun an 28ú Córas a neartú.